This tour provides a fascinating insight into the resistance of the people in Ballymurphy to British rule. Every street has its own story to tell in the form of local people, not just those who were involved in the armed struggle to end British occupation, but of those who lived and witnessed events that shaped their lives.

**Tickets: £16.50 - £18.50**

**Book: www.eventbrite.co.uk/e/from-guerrilla-war-to-government-the-ballymurphy-story-tour-tickets-483769426377?aff=oddtdtcreator**

**Enquiries: 028 9020 0770 or tours@coiste.com**

### ÁIT CHOINNE: GAIRDÍNÍ CUIMHNEACHÁIN BHAILE UÍ MHURCHÚ (GABHAL BHÓTHAR CHLUANAÍ/ BHEALACH DHUBHAIS MHÓIR)

Tabharfaidh an turas siúil seo léargas suimiúil ar mhuintir Bhaile Uí Mhurchú, a chuir i gcoinne riail na Breataine in Éirinn. Inseoidh an turas seo scéalta dhaoine áitiúla, ní amháin na daoine sin a raibh príomhrólanna acu sa troid le saoirse na hÉireann a bhaint amach ach scéalta iad siúd a bhí ann agus a chonaic na himeachtaí seo a raibh tionchar acu ar a saolta.

**Ticéid: £16.50 - £18.50**

**Le háit a chur in áirithe: www.eventbrite.co.uk/e/from-guerrilla-war-to-government-the-ballymurphy-story-tour-tickets-483769426377?aff=oddtdtcreator**

**Fiosrúcháin: 028 9020 0770 nó tours@coiste.com**

**10am**

# WEST BELFAST LITTLE EXPLORERS

## FALLS PARK OUTDOOR EDUCATION SPACE, FALLS ROAD

**See Page ? for full events details.**

# TAISCEÁLAITHE BEAGA IARTHAR BHÉAL FEIRSTE

## SPÁS OIDEACHAIS ALLAMUIGH PHÁIRC NA BHFÁL, BÓTHAR NA BHFÁL

**Féach leathanach ? le tuilleadh sonraí a fháil.**

**10am**



# ATCMS SUMMER SERIES – FIDDLE SCHOOL

# SRAITH SAMHRAIDH ATCMS – SCOIL FIDLE

## KENNEDY CENTRE, FALLS ROAD

A fun and welcoming three-day camp for young fiddle players aged 7 – 16. Led by an experienced tutor, this camp blends music making with child friendly activities. The Fiddle School is part of a wider ATCMS summer series, including guitar, piano, drums, and tin whistle.

**Cost: £65**

**Book: www.andersontownmusicschool.com**

**Enquiries: info@andersonstownmusicschool.com / 02890434894**

## IONAD UÍ CHINNÉIDE, BÓTHAR NA BHFÁL

Campa thrí lá spraíúil agus fáiltiúil d'fhidléirí óga ó 7 – 16 bliana d'aois. Beidh meascán de cheol agus de ghníomhaíochtaí páiste-chairdiúla sa champa seo, a mbeidh teagascóir a bhfuil taithí aige/aici i gceannas air. Beidh an Scoil Fidle mar chuid de shraith samhraidh ATCMS níos leithne, ina measc campaí giotáir, pianó, drumaí agus feadóige stáin.

**Costas: £65**

**Le háit a chur in áirithe: www.andersontownmusicschool.com**

**Fiosrúcháin: info@andersonstownmusicschool.com / 02890434894**

**11am**

# LOST GAELS

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Over 150 men, women and children, who had close links with the Gaelic Athletic Association, GAA, lost their lives in the conflict.

In his book Peadar Thompson provides a comprehensive account of the lives of ninety-two of those who died from the memories of their families and friends.

It is the first time the story of this colossal loss of life has been documented

**Free event. No booking required.**

**Organised by Féile an Phobail Debates and Discussions Committee**

## COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Cailleadh breis agus 150 fear, bean agus páiste a raibh dlúthcheangal acu leis an Chumann Lúthchleas Gael, CLG, le linn na coimhlinte.

Tugann Peadar Thompson cuntas cuimsitheach ar shaolta 92 de na daoine sin a fuair bás trí chuimhní cinn a dteaghlach agus a gcairde ina leabhar.

Is é seo an chéad uair a rinneadh doiciméadú ar an líon ollmhór daoine sin a cailleadh.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail**

11am

# BI-LINGUAL TOUR OF CITY CEMETERY

# TURAS DÁTHEANGACH DE REILIG NA CATHRACH



## MEETING POINT: MAIN GATE BELFAST CITY CEMETERY

Local muinteoir scoile Seán Fennell will tell the story of Belfast through the graves of City Cemetery. It ranges from William Pirrie and Edward Harland to Margaret Byers and Vere Foster via Kieran Nugent and Julie Livingstone. The First World War, the 1981 Hunger Strike, Manchester United and Belfast Celtic are all covered.

**Free event. No booking required.**

**Transport available from Lenadoon book with Glen Philips on 07906 179605**

**Organised by CLG Naomh Pól as part of Lenadoon Community Festival**

## ÁIT CHOINNE: PRÍOMHGHEATA REILIG CATHRACH BHÉAL FEIRSTE

Inseoidh an múinteoir scoile áitiúil, Seán Fennell, scéal Bhéal Feirste trí chuntas a thabhairt ar shaolta dhaoine atá curtha in uaigheanna i Reilig na Cathrach. Inseofar scéalta faoi shaol William Pirrie, Edward Harland, Margaret Byers, Vere Foster, Kieran Nugent agus Julie Livingstone. Pléifear an Chéad Chogadh Domhanda, Stailc Ocrais 1981, Manchain Aontaithe agus Ceiltigh Bhéal Feirste uilig.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth**

**Cuirfear iompar ar fáil. Le háit a chur in áirithe cuir scairt ghutháin ar Glen Philips ar 07906 179605.**

**Eagraithe ag CLG Naomh Pól mar chuid d'Fhéile Pobail Léana an Dúin**

12:30pm



# LEARNING THE ART OF LUTHERIE

# AG FOGHLAIM EALAÍN LUTHERIE

## ST COMGALL'S, DIVIS STREET

This will introduce the Lagan Lutherie School, where you can learn the ancient craft of lutherie and build your very own stringed instrument. You'll follow the process of making instruments such as guitars and mandolins, with the chance to see some of the wonderful pieces created by students.

**Free event. No booking required.**

**Enquiries: laganlutherie@gmail.com**

## IONAD NAOMH COMHGHALL, SRÁID DHUBHAISE

Fáilte go Scoil Lagan Lutherie, mar a bhfoghlaimeoidh tú ceardaíocht ársa an lutherie agus a dtógfaidh tú do théaduirlis cheoil féin. Rachaidh tú trí phróiseas ina dtógfaidh tú uirlisí ceoil, amhail giotáir, maindilíní agus beidh deis agat na huirlisí iontacha a bhí tógtha ag a mic léinn a fheiceáil.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Fiosrúcháin: laganlutherie@gmail.com**

1pm

Ireland's Future
Todhchaí na hÉireann

## A PRESIDENT FOR ALL?
## UACHTARÁN DO CHÁCH?

### ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Over a decade on from the Constitutional Convention recommending extending Presidential voting rights to Irish citizens outside of the state, no such right has been extended. Despite several further commitments by the Irish Government, nothing has changed. Why? Join our panel as they explore the reasons behind the delay and whether there has been a deliberate denial of these rights.

**Free event. No booking required.**

**Organised by Ireland's Future**


### COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Breis agus deich mbliana ó mhol an Coinbhinsiún Bunreachtúil go dtabharfaí cearta vótála na hUachtarántachta do shaoránaigh Éireannacha taobh amuigh den stát, níor tugadh a leithéid de chearta sin fós. In ainneoin tuilleadh coimitmintí ó Rialtas na hÉireann, níor athraigh rud ar bith. Cén fáth? Bí linn agus an painéal ag iniúchadh na bhfáthanna taobh thiar den mhoill agus cé acu a rinneadh séanadh ar na cearta seo d'aon turas.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Ireland's Future**

1pm



## STRAWBERRY HILL AND AFTERWARDS

### ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Jim O'Hagan's latest publication, Strawberry Hill and Afterwards, explores the history of the old Trench House (St Joseph's College) in Andersonstown, as well as St Mary's University College Belfast and Strawberry Hill College (St Mary's) in London, where students were sent between 1922 and 1939. The book was recently given a positive review in the Andersonstown News. Jim was Vice-Principal of St Kevin's P.S. on the Falls Road and is a regular broadcaster on Radio Ulster.

**Free event. No booking required.**

**Organised by Jim O'Hagan**

### COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Tugann an foilseachán is déanaí ó Jim O'Hagan, 'Strawberry Hill and Afterwards', cuntas ar stair Sheanteach Trench (Coláiste Naomh Seosamh) i mBaile Andarsan, ar Choláiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste agus ar Coláiste Strawberry Hill (Naomh Muire) i Londain mar ar cuireadh mic léinn chuige idir 1922 – 1939. Rinneadh léirmheas fabhrach ar an leabhar san Andersonstown News ar na mallaibh. Ba LeasPhríomhoide Bhunscoil Naomh Caoimhín ar Bhóthar na bhFál é agus is craoltóir rialta ar Raidió Uladh é Jim.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Jim O'Hagan**

1pm

## LENADOON FAMILY FUN DAY

## LÁ SPRAOI TEAGHLAIGH LÉANA AN DÚIN

### LENADOON MILLENIUM PARK, LENADOON AVENUE

The Lenadoon Community Festival are organising a Free Family Fun Day in Lenadoon Millenium Park which will include, inflatables, face painting, play bus, Jump Jingle & Jive, DJ and a range of outdoor activities.

**Free event.**

**Enquiries: 028 9058 5544**

### PÁIRC MÍLAOISE LÉANA AN DÚIN, ASCAILL LÉANA AN DÚIN

Beidh Féile Pobail Léana an Dúin Léana an Dúin ina mbeidh rudaí inséidte, péinteáil aghaidhe, bus súgartha, Jump Jingle & Jive, DJ agus réimse gníomhaíochtaí faoin spéir ann.

**Imeacht saor in aisce.**

**Fiosrúcháin: 028 9058 5544**

3pm

## REBEL NOTES: POPULAR MUSIC AND CONFLICT IN IRELAND

## REBEL NOTES: POPULAR MUSIC AND CONFLICT IN IRELAND




### ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Stan Erraught will discuss his recent book which looks at the revival of interest in rebel songs over the past number of years and the rise to prominence of west Belfast rap collective Kneecap and situates these cultural manifestations within the wider Irish political context north and south.

**Free event. No booking required.**

**Organised by Féile an Phobail Debates and Discussions Committee**

### COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Pléifidh Stan Erraught a leabhar déanach a thugann cuntas ar athbheochan na suime in amhráin reibiliúnaigh le roinnt blianta anuas agus ar theacht chun cinn an bhanna rapcheoil Fheirstigh Iartharaigh, Kneecap. Cuirfidh sé na hábhair chultúrtha seo i gcomhthéacs na polaitíochta Éireannaí níos leithne thuaidh agus theas.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail**

3pm



# LET'S TALK POLITICS
## PLÉIMIS POLAITÍOCHT

### ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Leading political commentators David McCann, Irish News columnist and commentator; Tim Cairns, former Head of Policy and Special Adviser to the DUP; Megan Fearon, former Sinn Féin MLA and Junior Minister and Sarah Creighton, columnist and commentator, will discuss the political issues of the day.

**Free event. No booking required.**

**Organised by Féile an Phobail Debates and Discussions Committee**

### COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Pléifidh na príomhthráchtairí polaitíochta, David McCann, colúnaí agus tráchtaire ón Irish News, Tim Cairns, iarCheannasaí Polasaí agus Comhairleoir Speisialta don DUP, Megan Fearon, iarCTR agus Aire Sóisearach, agus Sarah Creighton, colúnaí agus tráchtaire, cúrsaí polaitíochta an lae.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail**

4pm



# 'FLIRTATIONS OR COMMITMENTS?'
## LUDWIG WITTGENSTEIN AND ADVENTURES IN RADICAL PHILOSOPHY
## LUDWIG WITTGENSTEIN AGUS A EACHTRAÍ I BHFEALSÚNACHT RADACACH

### ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Dr Alan Sandry Senior Lecturer in Philosophy and Strategy at Swansea University, Wales. will consider some of Wittgenstein's radical beliefs and intentions, such as his fascination with the Soviet Union. These will be set alongside some of his contemporaries and some other famous philosophical figures, such as Martin Heidegger's membership of the Nazi Party and Jean-Paul Sartre's defence of Maoism. who have challenged the status quo – either through revolutionary means or through reformist rhetoric

**Free event. No booking required.**

**Organised by Féile an Phobail Debates and Discussions Committee**

### COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Déanfaidh an Dr. Alan Sandry, Léachtóir Sinsearach i bhFealsúnacht agus i Straitéis in Ollscoil Swansea, sa Bhreatain Bheag machnamh ar chuid de chreidimh agus de rúin radacacha Wittgenstein, cosúil leis an tsuim mhór a bhí aige san Aontas Shóivéadach. Inchuirfear iad seo le chuid d'eachtraí dhaoine eile agus de dhaoine fealsúnachta cluiteacha eile de chuid a linne, amhail ballraíocht Martin Heidegger den Pháirtí Naitsíoch agus cosaint Jean-Paul Sartre ar Mhaochas. Daoine a thug dúshlán an status quo ar bhealaí réabhlóideacha nó thrí reitric leasaitheach.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail**

6pm



# SLÍ NA SÍ

## FALLS PARK, FALLS ROAD

Step into the world of the fairies or 'na daoine maithe' on this magical fairy trail experience where you will meet the Tuatha Dé Danann – the magical and mythical fairy people of Ireland. The children will collect 'offerings' on their journey which they will leave under the fairy tree gaining them access to 'the otherworld' where children can dance to traditional music, join arts and crafts workshops and take part in traditional games.

**All Dates: Mon 4th & Thu 7th August**

**Tickets: £3 per child**

**Book Mon 4th: https://www.eventbrite.ie/e/1401464019609?aff=oddtdtcreator**

**Book Thur 7th: https://www.eventbrite.ie/e/sli-na-si tickets-1414975091589?aff=oddtdtcreator**

**Part of Féile's Community Cohesion and Community Engagement Programme, in partnership with Conradh na Gaeilge**

## PÁIRC NA BHFÁL, BÓTHAR NA BHFÁL

Tabhair cuairt ar dhomhan 'na ndaoine maithe', ar an chonair sí dhraíochtúil seo mar a mbuailfidh tú leis na Tuatha Dé Danann; síoga draíochtúla agus miotasacha na hÉireann. Baileoidh na páistí 'tabhartais' ar a dturas agus fágfaidh siad iad faoin chrann sí a ligfidh dóibh dul isteach sa 'domhan eile' mar ar féidir le páistí damhsa le ceol traidisiúnta, páirt a ghlacadh sna ceardlanna ealaíon agus ceardaíochta agus i gcluichí traidisiúnta.

**Na dátaí uilig: Dé Luain 4ú & Déardaoin 7ú Lúnasa**

**Ticéid: £3 an páiste**

**Le háit a chur in áirithe Dé Luain 4ú: https://www.eventbrite.ie/e/1401464019609?aff=oddtdtcreator**


**Le háit a chur in áirithe Déardaoin 7ú: https://www.eventbrite.ie/e/sli-na-si-tickets 1414975091589?aff=oddtdtcreator**

**Mar chuid de Chláir Chomhtháthú Pobail agus Rannpháirtíochta Pobail Féile an Phobail, i gcomhar le Conradh na Gaeilge**

6.30pm

# BOOK LAUNCH - 'THE SPARK & A SENSE OF WONDER'

# SEOLADH LEABHAIR – 'THE SPARK & A SENSE OF WONDER'




## WATERMAN RESTAURANT, BELFAST

A new and innovative tourism book by world renowned tourism leader Professor Terry Stevens.

**Private event invitation only**

**Organised by Féile an Phobail Debates and Discussions Committee**


## BIALANN WATERMAN, BÉAL FEIRSTE

Is leabhar turasóireachta nua agus nuálach é arna scríobh ag an cheannaire turasóireachta dhomhanchlúiteach, an tOllamh Terry Stevens.

**Ní bheidh ach cuireadh príobháideach amháin chuig an imeacht seo**

**Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail**

4pm



# 1842 JOURNAL OF A PASSAGE FROM BELFAST TO NEW YORK

# DIALANN FAOI AISTEAR IN 1842 Ó BHÉAL FEIRSTE GO NUA-EABHRAC

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Seán Corr, Senior Library Assistant at the Linen Hall will give an illustrated talk focusing on the 1842 Journal of a Passage From Belfast to New York. This fascinating handwritten journal from The Linen Hall archives provides us with a detailed account of a six-week journey of the passenger ship New Zealand.

**Free event. No booking required.**

**Organised by Féile an Phobail and the Linen Hall.**

## COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Déanfaidh Seán Corr, Cúntóir Leabharlainne Sinsearach i Halla an Línéadaigh caint le léaráidí a dhíreoidh ar Dhialann faoi Aistear in 1842 ó Bhéal Feirste go Nua-Eabhrac. Tugann an dialann lámhscríofa fhíorspéisiúil seo ó chartlanna Leabharlann Halla an Línéadaigh, mhionchuntas dúinn faoi thuras shé seachtaine na loinge paisinéirí New Zealand.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Féile an Phobail agus Halla an Línéadaigh.**

5pm

# THE POISONOUS LEGACY OF BRITISH COLONIALISM

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Why would an Irish based human rights group produce an exhibit on the legacy of colonialism?

A presentation by Paul O'Connor (Pat Finucane Centre) and guest, examines the global impact of centuries of British colonialism and explores options for memorialisation and learning.

**Free event. No booking required.**

**Organised by Pat Finucane Centre**

# STAIR MHIOSCAISEACH CHOILÍNEACHAS NA BREATAINE

## COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Cén fáth a ndéanfadh grúpa ceart daonna atá lonnaithe in Éirinn taispeántas ar stair an choilíneachais?

Iniúchfaidh cur i láthair ó Paul O'Connor (Ionad Pat Finucane) ó aoi tionchar domhanda na gcéadta bliain de Choilíneachas na Breataine agus pléifear na roghanna chun cuimhniú agus foghlaim a dhéanamh.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Ionad Pat Finucane**

5pm

# GERRY ADAMS VERSUS THE BBC. LEARNING LESSONS OR HINDERING FREEDOM OF EXPRESSION? WHAT DOES THE CASE TELL US ABOUT PUBLIC SERVICE BROADCASTING?

# GERRY ADAMS IN AGHAIDH AN BBC. AG FOGHLAIM CEACHTANNA NÓ AG CUR BAIC AR SHAOIRSE CAINTE? CAD É A LÉIRÍONN AN CÁS DÚINN FAOI CHRAOLTÓIREACHT SEIRBHÍSE POIBLÍ?

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Following his legal victory, Gerry Adams said he'd taken the case to put manners on the BBC. The director of the BBC in Belfast said the impact of losing the case would "hinder freedom of expression." Is the British Broadcasting Corporation unable to learn lessons and out of step with its license payers? Discussion with Trevor Birney, Robin Livingstone and Allison Morris.

**Free event. No booking required.**

**Organised by Féile an Phobail Debates and Discussions Committee**

## COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Indiaidh a bhua dhleathaigh, dúirt Gerry Adams go ndearna sé an cás chun múineadh a chur ar an BBC. Dúirt stiúrthóir an BBC i mBéal Feirste go mbeadh tionchar ar "hinder freedom of expression." -dá gcaillfeadh siad an cás. An bhfuil Corparáid Chraolacháin na Breataine mí-ábalta ceachtanna a fhoghlaim agus an bhfuil sí as alt lena íocóirí ceadúnais?

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail**



7pm



# THE ROAD TO DAMASCUS: STORIES FROM THE FRONTLINES OF HUMAN RIGHTS

# AN BÓTHAR GO DTÍ AN DAMAISC: SCÉALTA Ó LÍNTE TOSAIGH NA GCEART DAONNA

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

As UN Special Rapporteur on Counter-Terrorism and Human Rights, Fionnuala Ní Aoláin visited Kurdish-controlled camps and prisons in North-East Syria where thousands of people – men, women and children - from over 63 countries have been detained without trial since 2017. Her talk will address human rights violations in Syria which span several decades, the ongoing inhumanity of detention in North-East Syria in the aftermath of the proclaimed defeat of ISIS, and the failure of states to bring their nationals home.

**Free event. No booking required.**

**Organised by Féile an Phobail Debates and Discussions Committee**

## COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Cad é an rud é ARINS, agus cad é a chuireann a shuirbhéanna, a fhócasghrúpaí, a thástálacha agus a fhóraim in iúl dúinn faoin todhchaí heipitéiseach? Is Ollamh Lauder na hEolaíochta Polaitíochta in Ollscoil Pennsylvania, Ollamh Oinigh na hEolaíochta Polaitíochta in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, agus ball d'Údarás Rialaithe Choláiste Ollscoile Chorcaí, é Brendan O'Leary. Is Cathaoirleach Choiste ARINS um Thuairimí Poiblí é.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail**

7pm

# MEMORIES OF OTHERS: BELFAST PREMIERE

# MEMORIES OF OTHERS: AN CHÉAD TAISPEÁINT I MBÉAL FEIRSTE

## JAMES CONNOLLY VISITOR CENTRE, FALLS ROAD


Memories of Others is a short documentary film uncovering Japanese photographer Akihiko Okamura's extraordinary work in Ireland during the conflict, and the artistic and emotional impact of its recent rediscovery. Many of the photographs included in the film were taken in Belfast in the late 1960s and early 1970s. This screening will be a moving and meaningful homecoming. This film was made in collaboration with Photo Museum Ireland, Dublin, and the Akihiko Okamura Archive, Tokyo. The photographs of Akihiko Okamura will be on view at the Ulster Museum for June to October 2025.

## ÁRAS UÍ CHONGHAILE, BÓTHAR NA BHFÁL

Is gearrscannán faisnéise é "The Memories of Others" a thagann ar shaothar iontach an ghrianghrafadóra Sheapánaigh, Akihiko Okamura, in Éirinn le linn na coimhlinte agus a leiríonn tionchar ealaíonta agus mothúchánach a fhionnachtana déanaí. Glacadh a lán de na grianghrafanna atá sa scannán i mBéal Feirste go mall sna 1960í agus go luath sna 1970í. Teacht abhaile thochtmhar agus thábhachtach a bheas sa léiriú seo.

Rinneadh an gearrscannán seo i gcomhar le hIarsmalann Grianghrafanna na hÉireann, Baile Átha Cliath agus le Cartlann Akihiko Okamura Archive, Tóiceo. Beidh na grianghrafanna ar taispeáint in Iarsmalann Uladh ó Mheitheamh go Deireadh Fómhair 2025.

7pm-8pm



# ROLLER DISCO FAMILY SKATE SESSION

# SEISIÚN SCÁTÁLA TEAGHLAIGH DHIOSCÓ ROLLÁLA

## BLACKMOUNTAIN SHARED SPACE, SPRINGFIELD ROAD

Join us for a laser light roller disco on retro quad style roller skates. Great family fun and fitness rolled into one. Safety gear is provided and skates start from kids size 10 to adults' size 13.

**Tickets: £7**

**Book: www.kellysrollerskating.co.uk**

**Enquiries: infor@kellysrollerskating.co.uk or 07971 635 156**

## COMHSPÁS AN TSLÉIBHE DHUIBH, BÓTHAR CHLUANAÍ

Bí linn do dhioscó rollála sholas léasair ar scátaí rollála chuadreitreo. Spraoi agus aclaíocht iontach don teaghlach in aon imeacht amháin. Cuirfear trealamh sábháilteachta ar fáil agus beidh méideanna na scátaí ó mhéid 10 do pháistí go méid 13 do dhaoine fásta ar fáil chomh maith.

**Ticéid: £7**

**Le háit a chur in áirithe: www.kellysrollerskating.co.uk**

**Fiosrúcháin: infor@kellysrollerskating.co.uk nó 07971635156**

A PART OF THE COMMUNITY SINCE 1900





St Mary's
University College
A College of Queen's University Belfast
125

ALE & SPIRIT GROCER

# McENANEYS


EST. 1908

# the best of live music in west belfast

**LIVE MUSIC 6 DAYS A WEEK, THUR - TUE**

**LIVE TRAD SESSION LAST FRIDAY OF MONTH | 5PM-7PM**

## live sport showing all week















FOLLOW US

@mcenaneys Belfast

**TWO FUNCTION ROOMS**
recently renovated

**PRIVATE POOL ROOM**
sports memorabilia

**ROOF TOP BEER GARDEN**
located on 3RD floor

**MACS MONDAY CLUB - COMPLIMENTARY FOOD & £4 PINTS**

**DRINK PROMOS 7 DAYS A WEEK INC COCKTAILS**

MCENANEYS, 1 GLEN RD, ANDERSONSTOWN, BELFAST, BT11 8BA


ROAR AND EXPLORE
ROAR AND EXPLORE
DISCOVER AN ADVENTURE
AT BELFAST'S BEST
INDOOR PLAY AREA!
Dairy Farm Shopping Centre
Stewartstown Road, Belfast | 028 9061 9588


ConnectedHealth
Become a Local Hero
Care for others in your Community
£££
Competitve
Pay Rates
£200
Sign Up
Bonus
This Month
No Experience
No Problem
Accredited
Training
Provided
Apply Today
T: 028 9032 9777
W: connected-health.co.uk/jobs

PLACES AVAILABLE NOW
contact us today!

People 1st

# SCHOOL LEAVERS COURSES

Apply Now

Join People 1st today and get PAID to learn on our post-GCSE, school-leavers course for 16-18 year olds called **Skills for Life and Work.**

**ALL STUDENTS EARN £40 A WEEK PLUS BONUSES**

- Get **Maths**, **English & ICT** qualifications
- **West + South Belfast** branches
- Organised work **placements**
- Student **bonuses** up to £360
- Free **Student Card** for discounts
- **Paid Holidays**
- Free **Vocational** Kits

**Study YOUR choice from 10+ subjects:**

- Barbering
- Hairdressing
- Plumbing
- Electrical
- Joinery
- Bricklaying
- Beauty
- Childcare
- IT Pro
- Business Admin
- Retail

Scan here with your camera to apply

**GET STARTED**

Contact **Seanna** at our **Dairy Farm** branch today on **028 90 618 452** or email **s.davidson@people-1st.co.uk**

Contact **Jackie** at our **Ormeau Road** branch today on **028 90 875 875** or email **j.mcstravick@people-1st.co.uk**

people1stNI www.people-1st.co.uk people1st_ni


Department for the Economy www.economy-ni.gov.uk | Skills for Life and Work






















“I left school feeling so de motivated and a failure and **People 1st** has shown me I could succeed. I am now leaving with all my qualifications and a Level 2 in hairdressing along with a job. If it’s the best training you want, and people that really care then People 1st is the place to go.

**Charlie Avery, Level 2 Hairdresser**

ORTUS PROPERTY SERVICES WWW.ORTUSPROPERTYSERVICES.COM INFO@ORTUSPROPERTY.COM

ops
Ortus Property Services

We have the *keys* to your next **Premises**

EXPERTS IN PROPERTY
**OPS is a leading commercial property agent based in Belfast**

# TAXITRAX

## Belfast's Largest & Original Taxi Tour Company




Call Us
Tel: 02890 315777 | Mobile: 07892716660

e-mail
info@taxitrax.com

Address:
Belfast Taxis CIC 35A King St
Belfast BT1 1HU


THE DEVENISH
BELFAST
Live
AT THE DEVENISH
The Best Local Live Music Every Friday, Saturday & Sunday
DEVENISHCOMPLEX.COM

MCCALLIN
PROPERTY

Chartered Valuation Surveyors

Proud to Sponsor Féile 2025



9am



## WEST BELFAST SMALL BUSINESS ROUNDTABLE: BUSINESS BREAKFAST WITH SPECIAL GUEST
## CLANN NA nGNÓANNA BEAGA, IARTHAR BHÉAL FEIRSTE

### CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH, FALLS ROAD

The only small business forum for West Belfast returns for this year's Féile with a special guest. If you are a small business owner, join us and meet with fellow small business owners and listen to our guest speaker. Organised by Belfast Media Group.

**Cost: £25. Earlybird 20% discount.**

**Book: m.omuilleoir@belfastmedia.com**

### CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH, BÓTHAR NA BHFÁL

Beidh an t-aon fhóram amháin do ghnónna beaga as Iarthar Bhéal Feirste ar ais le haoi speisialta le linn na Féile. Más úinéir gnó bhig thú, bí linn le bualadh le do chomhghleacaithe agus le héisteacht lenár n-aoichainteoir ar leith. Á eagrú ag Grúpa Meán Bhéal Feirste.

**Costas: £25. Gheobhaidh mochóirí lacáiste 20%.**

**Fiosrúcháin: m.omuilleoir@belfastmedia.com**

9:30am - 12:30pm



## AFTER THE THROW IN: BEYOND THE FINISHING LINE. (MAXIMISING THE COMMUNITY BENEFITS OF MAJOR SPORTING EVENTS)
## I NDIAIDH AN CHAITHIMH ISTEACH: THAR AN LÍNE CHRÍCHE. (AG UASMHÉADÚ THAIRBHÍ POBAIL NA BPRÍOMHIMEACHTAÍ SPÓIRT)

### ST COMGALLS, DIVIS STREET

This conference will explore the wider impact and community benefits of hosting a range of international sporting events around the world. There will be a keynote presentation from Dr. Viktoria Veider-Walser the Executive Director of Kitzbühel Tourism (Austria). A wider panel of experts will include Professor Terry Stevens; Phil Sheeran, Commercial Director at BUNDL; Siobhán McGuigan, Tourism NI; Angela Platt, IFA; Stephen McGeehan, Ulster Council GAA; Rachel McGuickin, Visit Belfast; Professor Simon Shibli, Sheffield Hallam University and others. These insights will be important considerations for the new Casement Park.

**Free event. No booking required.**

**Organised by Féile an Phobail Debates and Discussions Committee**

### IONAD NAOMH COMHGHALL, SRÁID DHUBHAISE

Iniúchfaidh an chomhdháil seo an tionchar is leithne agus na tairbhí don phobal a bhaineann le réimse imeachtaí spóirt idirnáisiúnta a óstáil ar fud an domhain. Beidh eochairchur i láthair ón Dr. Viktoria Veider-Walser, Stiúrthóir Feidhmeannach Kitzbühel Tourism (an Ostair). I measc na saineolaithe eile ar an phainéal beidh: An tOllamh Terry Stevens, Phil Sheeran (Stiúrthóir Tráchtála, BUNDL), ionadaithe ó Chumann Peile na hÉireann, an CLG, Visit Belfast, Turasóireacht Thuaisceart Éireann, agus daoine eile. Ábhair mhachnaimh thábhachtacha a bheas ann do Pháirc Mhic Asmaint nua.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail**

**10am - 8pm**

## LITTLE PALACES: VICTORIAN LIVING AND EXPERIENCE EXHIBITION

### FALLS ROAD LIBRARY, FALLS ROAD

Using first-source materials the 'Little Palaces' exhibition, will explore Victorian living conditions, particularly the challenge of large families living in small homes. Key themes of this include the role of women in industrial Belfast, Linen workers and weavers.

**Free event.**

**Book: https://www.eventbrite.co.uk/o/artsekta-2702399298**

## LITTLE PALACES: TAISPEÁNTAS DE SHLÍ MHAIREACHTÁLA AGUS D'EISPÉIRIS VICTEOIRIACHA

### LEABHARLANN BHÓTHAR NA BHFÁL, BÓTHAR NA BHFÁL

I niúchfaidh an taispeántas 'Little Palaces' seo, agus ábhair bhunfhoinse á n-úsáid, cúinsí maireachtála Victeoiriacha, go háirithe dúshláin na dteaghlach mór a chónaigh i dtithe beaga. Beidh ról na mban i mBéal Feirste tionsclaíoch, oibrithe agus fíodóirí línéadaigh san áireamh i bpríomhthéamaí an taispeántais seo.

**Imeacht saor in aisce.**

**Le háit a chur in áirithe: https://www.eventbrite.co.uk/o/artsekta-2702399298**

**10am**

## THE JOINT FALLS / SHANKILL TOUR

### MEETING POINT: COISTE'S MURAL, DIVIS TOWER, DIVIS STREET

**See Page 48 for full events details.**

## COMHTHURAS DE CHEANTAR NA BHFÁL/NA SEANCHILLE

### ÁIT CHOINNE: MÚRPHICTIÚR COISTE, TÚR DHUBHAISE, SRÁID DHUBHAISE

**Féach leathanach 48 le tuilleadh sonraí a fháil.**

**10am**

## WEST BELFAST LITTLE EXPLORERS

### FALLS PARK OUTDOOR EDUCATION SPACE, FALLS ROAD

**See Page 27 for full events details.**

## TAISCEÁLAITHE BEAGA IARTHAR BHÉAL FEIRSTE

### SPÁS OIDEACHAIS ALLAMUIGH PHÁIRC NA BHFÁL, BÓTHAR NA BHFÁL

**Féach leathanach 27 le tuilleadh sonraí a fháil.**

1pm







# PRECURSOR TO THE H-BLOCKS
# RÉAMHTHEACHTAÍ NA H-BHLOCANNA

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

The Gardiner Report was presented to the British Parliament in January 1975. It was commissioned by Merlyn Rees on behalf of the Labour Government "to consider what provisions and powers…... are required to deal with terrorism and subversion in the North of Ireland."

Its recommendations included an end to special category status and the construction of a cellular prison i.e the H-Blocks. In effect it was the concept plan for the launch of the British Government's Criminalisation Policy. Seán Murray, Carál Ní Chuilín and Kieron McEvoy will discuss its consequences 50 years on from its launch.

**Free event. No booking required.**

**Organised by Féile an Phobail Debates and Discussions Committee**

## COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Cuireadh tuarascáil Gardiner faoi bhráid Pharlaimint na Breataine i mí Eanáir 1975. Merlyn Rees a bhí á coimisiúnú ar son Rialtas Pháirtí Lucht Oibre na Breataine "to consider what provisions and powers…... are required to deal with terrorism and subversion in the North of Ireland."

I measc na moltaí inti bhí deireadh a chur le stádas catagóra speisialta agus príosún ceallach a thógáil, is é sin, na H-Blocannna. I ndéanta na fírinne, plean coincheapa a bhí ann do Rialtas na Breataine a Pholasaí Coiriúlaithe a sheoladh. Pléifidh Sean Murray, Carál Ní Chuilín agus Kieron McEvoy a iarmhairtí 50 bliain níos moille óna sheoladh.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail**

1pm



## BELFAST'S REMARKABLE WOMEN TALK:

## CAINT FAOI MHNÁ IONTACHA BHÉAL FEIRSTE:

### MARY ANN MCCRACKEN, WINIFRED CARNEY AND BARONESS MAY BLOOD

### CLIFTON HOUSE, NORTH QUEEN STREET

Come and hear stories of how Mary Ann McCracken fought for the rights of the poor and took a stand against the slave trade. This talk will look at how Winifred Carney and Baroness May Blood engaged with politics at a time when their voices were being deliberately silenced and how they overcame class barriers in order to achieve small victories.

**Tickets: £5- £6**

**Book: www.cliftonbelfast.com/whats-on/talks/**

**Enquiries: 02890997022**

### TEACH CLIFTON, SRÁID NA BANRÍONA THUAIDH

Tar agus éist le scéalta faoin dóigh ar throid Mary Ann McCracken ar son chearta na ndaoine bochta agus ar chuir sí i gcoinne thrádáil na sclábhaithe. Iniúchfaidh an chaint seo an dóigh ar ghlac siad páirt sa pholaitíocht ag am nuair a cuireadh a nguthanna ina dtost d'aon turas agus ar sháraigh siad na constaicí aicme chun buanna beaga a bhaint amach.

**Ticéid: £5- £6**

**Le háit a chur in áirithe: www.cliftonbelfast.com/whats-on/talks/**

**Fiosrúcháin: 02890997022**

2pm

## 'GANGSTERS OR GUERRILLAS?'

### PATRICK MAGEE IN CONVERSATION WITH DANNY MORRISON

### PATRICK MAGEE I GCOMHRÁ LE DANNY MORRISON

### JAMES CONNOLLY VISITOR CENTRE, FALLS ROAD

While serving a 50 year life tariff for his role in the IRA, Patrick Magee dedicated himself to the study of fiction dealing with the conflict in the north of Ireland. Out of that came his powerful first book, 'Gangsters or Guerrillas?', a deep look at how Irish republicans are portrayed in fiction, and how this has been used as a political tool of British propaganda. In this event, we'll discuss how taking those stories at face value still shapes the way people think about Ireland today, and why that can hold back real progress.

**Free event.**

**Register: https://forms.gle/YNVAC6fGdXXTBzG68**

**Enquiries: info@arasuichonghaile.com**

### ÁRAS UÍ CHONGHAILE, BÓTHAR NA BHFÁL

Dhírigh Patrick Magee ar leabhar ficsin a scríobh ar an choimhlint i dtuaisceart na hÉireann, agus é ag caitheamh pionós saoil de 50 bliain i bpríosún dá ról san IRA. Scríobh sé an chéad leabhar s'aigesean 'Gangsters or Guerrillas?' atá cumhachtach, de thoradh air sin. Pléann an leabhar an dóigh a léirítear Poblachtánaigh Éireannacha i bhficsean, agus an dóigh ar baineadh úsáid as seo mar uirlis pholaitiúil do bholscaireacht na Breataine. Ag an imeacht seo pléifidh muid an tionchar atá ag na scéalta seo ar an dóigh a smaoiníonn daoine faoi Éirinn sa lá atá inniu agus na fáthanna ar féidir leo bac a chur ar fhíordhul chun cinn, nuair a ghlactar leis na scéalta seo mar atá siad.

**Imeacht saor in aisce.**

**Cláraigh: https://forms.gle/YNVAC6fGdXXTBzG68**

**Fiosrúcháin: info@arasuichonghaile.com**

3pm

## THE HOLOCAUST AND IDENTITY – A FAMILY STORY: THE STORY OF HELEN AND HARRY LEWIS

## AN TUILELOSCADH AGUS FÉINIÚLACHT – SCÉAL TEAGHLAIGH: SCÉAL HELEN AGUS HARRY LEWIS



### ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Helen and Harry Lewis came from a town in Czechoslovakia linked by linen to Belfast. Helen's story as a Holocaust survivor, is well known through her memoir 'A Time to Speak'. Harry's story as a Holocaust refugee is now told for the first time in the book Flight from Prague. Michael Lewis, Helen and Harry's son will give an Illustrated talk on the subject.

**Free event. No booking required.**

**Organised by Féile an Phobail Debates and Discussions Committee**

### COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Ba as baile sa tSéicslóvaic iad Helen agus Harry Lewis a raibh nasc aige le Béal Feirste ó thaobh línéadach a dhéanamh. Tá an-chlú ar scéal shaol Helen mar dhuine a tháinig tríd an Uileloscadh óna cuimhní cinn sa leabhar 'A Time to Speak'. Tugtar cuntas ar scéal shaol Harry mar theifeach Uilelosctha den chéad uair sa leabhar 'Flight from Prague'. Beidh mac Michael Lewis, ag caint ar an ábhar seo, agus é ag úsáid léaráidí chomh maith.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail**

3pm




## M.E. SUPPORT

### ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

ME SUPPORT invite you to join us during Féile to listen to leading experts in this condition to discuss the current failures by government and the healthcare profession to treat ME patients with dignity and care!

There are currently 7000 + people in the North of Ireland with ME. They are part of the #MissingMillions global community.

This event will be chaired by Pat Cullen MP

**Free event. No booking required.**

**Organised by ME Support**

### COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Cuirfidh ME SUPPORT fáilte romhat teacht agus éisteacht i rith Féile le príomhshaineolaithe san fhadhb shláinte seo ag plé teipeanna an rialtais agus na gairme cúram sláinte chun caitheamh le hothair ME le dínit agus le cúram!

Tá ME ag breis agus 7,000 + duine i dTuaisceart Éireann faoi láthair. Tá siad mar chuid den phobal dhomhanda #MissingMillions.

Cathaoirleach: Pat Cullen FP

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag ME Support**

4pm

# ANNUAL FÉILE HEALTH LECTURE - STROKE TO STRENGTH: REDUCING RISK FACTORS, RECOVERY AND REHABILITATION

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD



In the North of Ireland, approximately 4,000 people experience a stroke each year. Emma Dunn an Advanced Practitioner Level 2 Occupational Therapist specialising in stroke rehabilitation at the Royal will provide valuable insights into recognising stroke symptoms and adopting habits to reduce risk factors. She will delve into various rehabilitation approaches and innovative techniques to aid recovery. You'll hear a first-hand account from Mr William Mc Clean a stroke survivor about his journey through recovery and rehabilitation.

**Free event. No booking required.**

**Organised by Belfast Health and Social Care Trust in partnership with Féile an Phobail**

# LÉACHT BHLIANTÚIL FÉILE: Ó STRÓC GO NEART: AG LAGHDÚ NA BHFACHTÓIRÍ RIOSCA, TÉARNAMH AGUS ATHSHLÁNÚ

## COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

I dTuaisceart na hÉireann, buaileann stróc ar thimpeall is 4,000 duine gach bliain. Is Teiripeoir Saothair Ardchleachtóra Leibhéal 2 Emma Dunn a bhfuil speisialtóireacht aici in athshlánú stróc san Otharlann Ríoga. Tabharfaidh sí léargais thairbheacha ar na dóigheanna le siomptóim stróc a aithint agus le nósanna a ghlacadh chun na fachtóirí riosca a laghdú. Déanfaidh sí scrúdú ar na cuir chuige athshlánaithe agus ar na teicnící nuálacha éagsúla a chuidíonn le téarnamh. Cluinfidh tú faoi thaithí an Uasail William Mc Clean a d'fhulaing agus a tháinig slán as stróc agus é ag tabhairt cuntais ar an téarnamh agus ar an athshlánú a bhí déanta aige ina dhiaidh.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta Bhéal Feirste**

5pm

Irish Border Poll

# IS THE TAOISEACH A PARTITIONIST AND IF SO HOW DO WE ACHIEVE A BORDER POLL WITHOUT HIM?

# AN CRÍOCHDHEIGHILTÍ É AN TAOISEACH MÁS É, CAD É MAR A BHAINFIDH MUID POBALBHREITH AR AN TEORAINN GAN É?

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

The Taoiseach says his Shared Ireland Unit has nothing whatsoever to do with Irish Unity and insist reconciliation must come before Unity. How should United Irelanders respond to this approach? If the Taoiseach is a Partitionist how do we change his mind or build Irish Unity without him?

**Free event. No booking required.**

**Organised by Irish Border Poll**

## COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Deir An Taoiseach nach bhfuil baint ar bith ag a Aonad Éireann Comhroinnte le hathaontú na hÉireann agus áitíonn sé go gcaithfidh athmhuintearas tarlú roimh athaontú. Cad é an freagra ba chóir d'Éireannaigh Aontaithe a thabhairt don chur chuige seo? Más críochdheighiltí é An Taoiseach cad é mar a athróidh muid intinn s'aigesean nó a fhorbróidh muid Éire Athaontaithe gan é?

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag Irish Border Poll**

6pm

## SINGING WORKSHOP WITH GRÁINNE HOLLAND

### THE JAMES CONNOLLY VISITOR CENTRE, FALLS ROAD

Take part in this interactive workshop with singer/songwriter Gráinne Holland, which will help you to learn and master a song in the native language. Previous experience of Irish will not be necessary. Gráinne will help you learn the pronunciations and the arrival and departure of the tunes. Open to people of all ages.

**Tickets: £3**

**Book: https://www.eventbrite.ie/e/1401558873319?aff=oddtdtcreator**

**Part of Féile's Community Cohesion and Community Engagement Programme**

## CEARDLANN AMHRÁNAÍOCHTA LE GRÁINNE HOLLAND

### ÁRAS UÍ CHONGHAILE, BÓTHAR NA BHFÁL

Glac páirt sa cheardlann idirghníomhach seo leis an amhránaí/an scríbhneoir amhrán, Gráinne Holland, a chuideoidh leat amhrán a fhoghlaim agus máistreacht a fháil air sa teanga dhúchais. Ní bheidh taithí riamh ar an Ghaeilge riachtanach. Cuideoidh Gráinne leat na fuaimnithe agus teacht isteach agus dul amach na n-amhrán a fhoghlaim. Oscailte do dhaoine de gach aois.

**Ticéid: £3**

**Le háit a chur in áirithe: https://www.eventbrite.ie/e/1401558873319?aff=oddtdtcreator**

**Mar chuid de Chláir Chomhtháthú Pobail agus Rannpháirtíochta Pobail Féile an Phobail**

6pm - 8pm

## LITTLE PALACES: VICTORIAN LIVING AND EXPERIENCE STORYTELLING WORKSHOP

### FALLS ROAD LIBRARY, FALLS ROAD

Using first-source materials, the 'Little Palaces' exhibition, will inspire this storytelling and gathering workshop delivered by journalist and comedian Bronagh Diamond.

**Free event.**

**Book: https://www.eventbrite.co.uk/o/artsekta-2702399298**

**Enquiries: aoife@artsekta.org.uk**

## LITTLE PALACES: CEARDLANN SCÉALAÍOCHTA AR AN TSLÍ MHAIREACHTÁLA AGUS AR EISPÉIRIS VICTEOIRIACHA

### LEABHARLANN BHÓTHAR NA BHFÁL

Spreagfaidh an taispeántas 'Little Palaces' agus ábhair bhunfhoinse á n-úsáid, an cheardlann scéalaíochta agus bailithe seo a dhéanfaidh an t-iriseoir agus an fuirseoir, Bronagh Diamon

**Imeacht saor in aisce.**

**Le háit a chur in áirithe: https://www.eventbrite.co.uk/o/artsekta-2702399298**

**Fiosrúcháin: aoife@artsekta.org.uk**

7pm

## REVOLUTIONARY BELFAST: POGROMS, PARTITION AND CIVIL WAR – A FAMILY PERSPECTIVE

### CLG NAOMH PÓL, SHAWS ROAD

Viewed through the lens of the Twomey family, Séamus Ó Tuama and Fearghal Mac Bhloscaidh chart the tale of revolutionary Belfast from the dawn of the twentieth century as a city of strife and struggle; the Home Rule crisis and Loyalist backlash, Belfast's industrial boom, sectarian tensions, the exploited underclass and the human cost of industrial Belfast. They will examine the rise of the city's radical Republican underground, the collapse of constitutional nationalism, the road to partition and the impact of the Anglo-Irish Treaty on the Belfast Republican community.

**Free event. No booking required.**

**Organised by CLG Naomh Pól as part of Lenadoon Community Festival**

## BÉAL FEIRSTE RÉABHLÓIDEACH: POGRAIM, CRÍOCHDHEIGHILT AGUS COGADH CATHARTHA Ó THAOBH TEAGHLAIGH DE

### CLG NAOMH PÓL, BÓTHAR SEOIGHE

Trí eispéiris Chlann Uí Thuama, rianóidh Séamus Ó Tuama agus Fearghal Mac Bhloscaidh scéal Bhéal Feirste réabhlóideach ó thus an fhicheadú céad mar chathair ina raibh achrainn agus streachailt, géarchéim an Rialtais Dúchais, frithfhreagairt ó Dhílseoirí, borradh tionsclaíoch Bhéal Feirste, teannais sheicteacha, an daoscarshlua dúshaothraithe agus costas daonna Bhéal Feirste tionsclaíoch. Iniúchfaidh siad dul chun cinn ghluaiseacht Phoblachtach radacach faoi choim na cathrach, cliseadh an náisiúnachais bhunreachtúil, an bealach go críochdheighilt agus tionchar an Chonartha Angla-Éireannaigh ar phobal Poblachtach Bhéal Feirste.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag CLG Naomh Pól mar chuid d'Fhéile Pobail Léana an Dúin.**

7pm

## WILLIAM MCMULLEN – A RADICAL PRESBYTERIAN LIFE

### ST COMGALLS, DIVIS STREET



McMullen was a close associate of James Connolly during his time in Belfast. His non-sectarian role in Irish and British labour history both North and South of the border has been forgotten, is under-researched and little understood. This story disrupts stereotypes, opens minds and aims to foster greater community understanding. The talk will be given by historian Dr Christopher Loughlin.

**Free event. No booking required.**

**Organised by David Moore**

## WILLIAM MCMULLEN – SAOL PREISPITÉIREACH RADACACH

### IONAD NAOMH COMHGHALL, SRÁID DHUBHAISE

Dlúthchomhghleacaí Shéamais Uí Chonghaile ba ea é McMullen le linn an ama a chaith sé i mBéal Feirste. Ní dhearnadh dearmad ar an ról neamhsheicteach a bhí aige i stair lucht oibre na hÉireann agus na Breataine Thuaidh agus Theas den teorainn. Is beag an taighde a rinneadh agus an tuiscint a bhí air. Brisfidh an scéal seo na steiréitíopaí, osclóidh sé intinní agus beidh sé mar aidhm aige níos mó tuisceana pobail a chur chun cinn. Beidh an staraí, an Dr. Christopher Loughlin, ag déanamh na cainte.

**Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.**

**Eagraithe ag David Moore**



7pm

# 'ENLIGHTENMENT, RESISTANCE AND THE ONWARD MARCH FOR IRISH UNITY'

## RODDY MCCORLEY HERITAGE CENTRE, GLEN ROAD

A twilight evening of poetry, song and story. Join us in the women's garden of reflection at the Roddy McCorley Heritage centre on the Glen Road, in the shadow of Black Mountain, celebrating the theme of "Enlightenment, resistance and the onward march for Irish unity" hosted by the Roddy McCorley Society and Siobhan McCallin with special guests. This is an open mic session, to participate please send poem/song/excerpt to siobhanmccallin@icloud.com

**Free event. No registration Required.**

# 'LÉARGAS, FRITHBHEARTAÍOCHT AGUS AN DUL CHUN CINN LE HÉIRINN ATHAONTAITHE A BHAINT AMACH'

## IONAD OIDHREACHTA RODAÍ MHIC CORLAÍ, BÓTHAR AN GHLEANNA

Andersonstown native, Ciara, uses her art to explore landscapes. After graduating from Art College she pursued a career as a Paediatric Nurse, working with children and young people with complex and end-of-life care needs. Through her paintings, Ciara encourages a connection between people, the making of memories, and the appreciation of the natural world. **Contact: ciara@ciarabarrycreative.com**

Is as Baile Andarsan ó dhúchas Ciara, a bhaineann úsáid as a cuid ealaíne le tírdhreacha a iniúchadh. I ndiaidh di céim a bhaint amach ón Choláiste Ealaíne, chuaigh sí le Banaltracht Phéidiatraiceach mar ghairm. Oibríonn sí le páistí agus le daoine óga a bhfuil riachtanais choimpléascacha agus um dheireadh saoil acu. Trí mheán a cuid pictiúr, spreagann Ciara nasc idir daoine, cuimhní a dhéanamh agus tuiscint ar an domhan nádúrtha. **Cuir ríomhphost chuig: ciara@ciarabarrycreative.com**

### CUMANN STAIRE NA TRÁ GIORRA | STRAND BAR BOMBING 50TH ANNIVERSARY



This photographic exhibition commemorates the 50th anniversary of the Strand Bar bombing in 1975. It is a powerful series of photos and personal recollections detailing some of the events around the atrocity.
**Contact: rabben1969@gmail.com**

Beidh an taispeántas grianghrafadóireachta seo ag comóradh an 50ú bliain ó rinneadh buamáil ar an Strand Bar in 1975. Is sraith chumhachtach de ghrianghrafanna agus de chuimhní pearsanta é a thabharfaidh eolas faoi chuid de na himeachtaí a bhain leis an ainghníomh.
**Cuir ríomhphost chuig: rabben1969@gmail.com**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE

# DAVID BELL



David is a West Belfast based artist that produces work including highly detailed portraits and landscapes. He has painted many different individuals over the years and pieces to highlight political and social injustices. David is a local teacher and former councillor and uses his art to highlight issues that are important to him and his local community. **Contact: daithi3@hotmail.com**

Is ealaíontóir David atá lonnaithe in Iarthar Bhéal Feirste agus a dhéanann saothair ina bhfuil portráidí agus tírdhreacha an-mhionsonraithe san áireamh. Phéinteáil sé cuid mhór daoine agus píosaí éagsúla ar fud na mblianta le haird a tharraingt ar éagóracha polaitiúla agus sóisialta. Is múinteoir áitiúil agus iarchomhairleoir é David, a bhaineann úsáid as a chuid ealaíne le haird a tharraingt ar cheisteanna atá tábhachtach dó agus dá phobal áitiúil.
**Cuir ríomhphost chuig: daithi3@hotmail.com**



# DEBBIE MULDOON | BELFAST STREETS

Debbie Muldoon (aka Cavehill Photography) is a Belfast based photographer. Debbie is a proud native of Belfast and enjoys the challenge of finding unique angles from well known places. She loves taking atmospheric images in our moody and changeable weather.
**Contact: Debbiemuldoon@hotmail.com**

Is grianghrafadóir Debbie Muldoon (nó Cavehill Photography mar is fearr aithne uirthi) atá lonnaithe i mBéal Feirste. Is Feirsteach bródúil ó dhúchas Debbie a bhaineann sult as an dúshlán le teacht ar áiteanna clúiteacha chun grianghrafanna uathúla a ghlacadh. Is breá léi grianghrafanna d'íomhánna atmaisféaracha a ghlacadh san aimsir leathsholais agus athraitheach s'againne. **Cuir ríomhphost chuig: Debbiemuldoon@hotmail.com**

# DEIRDRE MACKEL | 'LEVEL' PLAYING FIELDS



Deirdre is an artist from West Belfast who has exhibited locally and internationally. Her credits include the Aisling Arts Award, Ulster Bank Arts Award & the Tall Ships Arts Award. Deirdre's artwork is in public and private collections. Her background also includes community arts development in West Belfast.
**Contact: deirdremackel@hotmail.co.uk**

Is ealaíontóir as Iarthar Bhéal Feirste Deirdre ar cuireadh a chuid saothair ar taispeáint áitiúil agus idirnáisiúnta. I measc na nduaiseanna atá buaite aici tá Duais Ealaíon Aisling, Duais Ealaíon Bhanc Uladh, agus Duais Ealaíon na Tall Ships. Tá saothar ealaíne Deirdre i mbailiúcháin phoiblí agus phríobháideacha. Tá cúlra aici i bhforbairt ealaíon pobail in Iarthar Bhéal Feirste chomh maith.
**Cuir ríomhphost chuig: deirdremackel@hotmail.co.uk**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE



# DR CLARE GALLAGHER | STILL SOMEBODY

The Westcourt Centre and Ulster University collaborated with homeless women through photography workshops, helping them express their experiences visually. This exhibition shows their struggles with stigma, housing insecurity, and hopelessness, while also recognising their resilience and the importance of female friendships. This collaboration highlights the unique challenges faced by homeless women and children, emphasising the need for continued advocacy and change.
**Contact: c.gallagher2@ulster.ac.uk**

D'oibrigh Ionad Westcourt agus Ollscoil Uladh i gcomhar le dídeanaithe mná trí cheardlanna grianghrafadóireachta a reáchtáil. Chuidigh siad leo a n-eispéiris a léiriú go físiúil. Léireoidh an taispeántas seo a streachailtí le stiogma, le héiginnteacht tithíochta mar aon le héadóchas, agus aithneoidh sé a n-acmhainneacht agus tábhacht chairdeas na mban chomh maith. Díreoidh an comhar seo aird ar na dúshláin uathúla atá ag mná agus ag páistí gan dídean agus ar an ghá d'abhcóideacht agus d'athrú leanúnach go fóill.
**Cuir ríomhphost chuig: c.gallagher2@ulster.ac.uk**

# DYLAN REA | BECOMING THROUGH LANDSCAPES



In this landscapes exhibition, Dylan brings Sunsets, Sunrises and Nature to life, highlighting the beauty and opportunity in them. Dylan's artwork advocates self-improvement, personal growth and reaching goals. He conveys this through powerful scenes giving the viewer an emotional connection, a feeling of inspiration and gratitude.
**Contact: dylanreaart@gmail.com**

Sa taispeántas tírdhreach seo, cuirfidh Dylan beocht in Éirithe Gréine, i Luíthe Gréine agus sa Dúlra. Tarraingeoidh sé aird ar an áilleacht atá iontu agus ar na deiseanna atá acu. Cuireann saothar ealaíne Dylan féinfheabhsú, fás pearsanta agus spriocanna a bhaint amach chun cinn. Beidh sé á léiriú seo tríd na radharcanna cumhachtacha ina mbeidh deis ag amharcóirí nasc mothúchánach a dhéanamh, bheith spreagtha agus buíoch fosta.
**Cuir ríomhphost chuig: dylanreaart@gmail.com**



# ÉAMON PHOENIX | THE STORY OF COLIN

Explore West Belfast's Past with Dr Éamon Phoenix. This looping video display showcases seven short films exploring the rich history of the Colin area – Twinbrook, Poleglass and around - narrated by the acclaimed late historian Dr Éamon Phoenix. Find out about local figures like Belle Steele, Beatrice Grimshaw and Bobby Sands. Presented by the Eamon Phoenix Foundation and Colin Neighbourhood Partnership. **Contact: info@eamonphoenixfoundation.com**

Iniúch Stair Iarthar Bhéal Feirste leis an Dr. Éamon Phoenix. Léireoidh an físthaispeántas lúbtha seo seacht ngearrscannán a iniúchann stair shaibhir cheantar Chollann – Cill Uaighe, An Poll Glas agus máguaird. Beidh an staraí mórchlúiteach, an Dr. Éamon Phoenix, nach maireann, ag déanamh tráchtaireachta orthu. Faigh amach faoi dhaoine áitiúla amhail Belle Steele, Beatrice Grimshaw agus Bobby Sands. Beidh sé á chur i láthair ag Fondúireacht Éamon Phoenix agus ag Páirtíocht Chomharsanachta Chollann. **Cuir ríomhphost chuig:info@eamonphoenixfoundation.com**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE

### EAMONN MCCRORY | BUNRANG



Eamonn McCrory is a Belfast Artist / Printmaker. His work has been exhibited in museums, galleries and is held in various collections – his work can also be seen every weekend at his stall in St Georges Market. This exhibition focuses on his experience of learning Irish and draws inspiration from his use of Gaelic letterpress letters and an old Republican printing press.
**Contact: eamonn.mccrory@btinternet.com**

Is Ealaíontóir / Déantóir Priontaí Feirsteach Eamonn McCrory. Cuireadh a shaothar ar taispeáint in iarsmalanna, i ndánlanna agus tá sé i mbailiúcháin éagsúla chomh maith. Is féidir a shaothar a fheiceáil gach deireadh seachtaine ag a sheastán i Margadh Naomh Seoirse. Díreoidh an taispeántas seo ar an eispéireas a bhí aige agus é ag foghlaim Gaeilge agus faigheann sé a spreagadh ón úsáid a bhaineann sé as litreacha litirphreasa Ghaelaigh agus as seanchlóphreas Poblachtach.
**Cuir ríomhphost chuig: eamonn.mccrory@btinternet.com**




### ED MAGEE | WHAT HAVE WE DONE?

Eddie graduated from Plymouth College of Art with a degree in Digital Media Production but quickly realised they preferred more tactile forms of art. Ed has returned to their roots in watercolour, sketches and acrylic and is finding new ways to experiment with different materials and textures.
**Contact: eddieolivermagee@gmail.com**

Bhain Eddie céim amach i Léiriú Meán Digiteach ó Choláiste Ealaíne Plymouth ach thuig sé go gasta gurbh fhearr leo foirmeacha ealaíne níos tadhlaí. Thosaigh Ed ag úsáid uiscedhathanna, aicrileach agus ag déanamh sceitsí arís agus tá sé ag teacht ar bhealaí nua chun triail a bhaint as ábhair agus as teicstílí éagsúla.
**Cuir ríomhphost chuig: eddieolivermagee@gmail.com**


### ÉILÍS PEOVER | CREATIVE IMAGES



Éilís will take you on a visual journey from images she took while on her travels. She uses the Irish language in her work in the hope that it rekindles some magic, stirs the soul and inspires wanderlust. **Contact: epeover@gmail.com**

Tríd na híomhánna a ghlac sí agus í ag taisteal, beidh Éilís do do thabhairt ar thuras físiúil. Baineann sí úsáid as an Ghaeilge ina cuid saothair, agus an dóchas aici go spreagfaidh sé draíocht arís, agus go spreagfaidh sé an croí agus fonn taistil.
**Cuir ríomhphost chuig: epeover@gmail.com**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE



### FARHAD O'NEILL | BUA AN CULTUIR

Farhad is an artist based in Belfast, mostly in the West over the last 30 years. His focus is primarily on sculpture and public monuments and his portfolio is local, national, and international. **Contact: farhadnargoloneill@gmail.com**

Is ealaíontóir Farhad atá lonnaithe i mBéal Feirste, in Iarthar Bhéal Feirste go príomha, le 30 bliain anuas. Déanann sé dealbhóireacht agus leachtanna poiblí. Tá punann áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta aige. **Cuir ríomhphost chuig: farhadnargoloneill@gmail.com**

### FIONA RAINEY | LOINNIR

This is an exhibition of abstract oil paintings depicting the light on the Irish landscape. Fiona's work primarily takes inspiration from areas around the Inishowen Penninsula. **Contact: fionarainey28@gmail.com**

Is taispeántas de phictiúir ola theibí é seo a léireoidh an solas ar thírdhreacha na hÉireann. Faigheann Fiona an spreagadh dá saothar ó cheantair timpeall Leithinis Inis Eoghain. **Cuir ríomhphost chuig: fionarainey28@gmail.com**






### GEORGE BURNS | THE DEATH OF INNOCENCE

George is a retiree from Belfast and is largely self-taught as an artist. His depiction of the death of a child in Gaza is his response to the plight of the people there. George works on wooded board in acrylics. **Contact: George.burns1.gb@gmail.com**

Is as Béal Feirste George atá ar scor agus is ealaíontóir féinoilte sa chuid is mó é. Sa saothar seo atá mar fhreagairt d'anró na ndaoine ansin, léiríonn sé bás pháiste i nGaza. Oibríonn sé ar chláir adhmaid agus baineann sé úsáid as aicriligh orthu. **Cuir ríomhphost chuig: George.burns1.gb@gmail.com**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE



### JANE MCCLOSKEY | FEMININE ENERGY

Jane is a figurative artist from Carrickmacross, Co. Monaghan, who works as a Child and Adolescent Art Therapist. She is inspired by life drawing and the natural representation of the human body. She depicts the female form with sensitivity, classical elegance and beauty. **Contact: Janemmccloskey@gmail.com**

Is ealaíontóir fíorach as Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin Jane, a oibríonn mar Theiripeoir do Pháistí agus d'Ógánaigh. Bíonn líníocht ón bheo agus léiriú nádúrtha chorp an duine á spreagadh. Léiríonn sí an cruth baineann le tuiscint, le galántacht chlasaiceach agus le háilleacht.
**Cuir ríomhphost chuig: Janemmccloskey@gmail.com**

### JANE TURNER MOORE | LANDSCAPES IN PAINT AND PRINT

Jane's work is inspired by the Atlantic Ocean that shapes our coastline, as well as our mountains, wild places and on the land where people have left their mark. She captures the essence of this in her landscapes. Jane's work often combines different media such as paint, encaustic and print. **Contact: Janeturner72@hotmail.com**

Tá an tAigéan Atlantach, a chuireann cruth ar ár n-imeallbhoird agus ar ár sléibhte chomh maith, áiteanna fiáine agus na tailte ar ar fhág daoine a rianta, an spreagadh do shaothar Jane. Léireoidh sí eisint na rudaí seo ina pictiúir de thírdhreacha. Is minic a bhaineann Jane úsáid as meáin éagsúla amhail péinteanna, dathdhónna agus priontaí ina cuid ealaíne. **Cuir ríomhphost chuig: Janeturner72@hotmail.com**





### JAYNE HETHERINGTON | BLURRED EDGE

Jayne is inspired by the Roe Valley and North Coast. Working mainly in oils and cold wax, she creates atmospheric, abstract landscapes with blurred horizons and shifting light. Her layered works reflect the emotional and ever-changing nature of the landscape, blending traditional inspiration with a contemporary touch. **Contact: jayne.hetherington@icloud.com**

Gleann na Ró agus an Cósta Thuaidh a bhíonn mar speagadh do Jayne. Oibríonn sí go príomha le holaí agus le céir fhuar. Cruthaíonn sí tírdhreacha atmaisféaracha, teibí le bunanna na spéire doiléire agus le soilse athraitheacha. Léiríonn a saothair ilsrathacha nádúr mothúchánach agus síorathraitheach an tírdhreacha. Meascann siad an spreagadh traidisiúnta agus an bealach comhaimseartha le chéile.
**Cuir ríomhphost chuig: jayne.hetherington@icloud.com**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE



# JOHN DIAMOND | LOCAL IRISH SCENES

John is a GP living in Magherafelt. He returned to his art later in life after having enjoying it at school. The has found that the local art class he attends in Bellaghy has been a brilliant source of inspiration. **Contact: drjohndiamond@hotmail.com**

Is dochtúir ginearálta John atá ina chónaí i Machaire Fíolta. Thosaigh sé ag déanamh ealaíne arís níos moille ina shaol mar bhain sé sult aisti nuair a bhí sé ar scoil. B'iontach an spreagadh a fuair sé ón rang ealaíne aitiúil i mBaile Eachaidh a bhfuil sé ag freastal air. **Cuir ríomhphost chuig: drjohndiamond@hotmail.com**

# JOHN GILLESPIE & MÍCHEÁL GALLAGHER | CLANN LIR



This is an exciting new collaboration between Donegal metal worker and sculptor John Gillespie and Letterkenny-based artist Mícheál Gallagher. It is a representation of the Celtic legend of the Children of Lir, who were cursed to live their lives as swans for nine centuries. These inspirational metal and art works placed together make this installation truly unique. **Contact: gallagart@gmail.com**

Is comhar corraitheach nua é seo idir an t-oibrí miotail agus an dealbhóir Conallach, John Gillespie, agus an t-ealaíontóir, Michael Gallagher, atá lonnaithe i Leitir Ceanainn. Léiriú ar an fhinscéal Cheilteach, Chlann Lír, ar cuireadh mallacht orthu le mairstin ar an saol mar ealaí le naoi gcéad bliain, is ea é. Nuair a chuirtear na saothair mhiotail agus ealaíne seo le chéile is suiteán fíoruathúil iad. **Cuir ríomhphost chuig: gallagart@gmail.com**



# JOHN MALLON | BEAUTY ON OUR DOORSTEP

Beauty on our Doorstep began after a very dark time in John's life after suffering from poor mental health and coming close to ending his life. "My only regret about asking for help is that I didn't do it sooner." From that day John's life changed and he began photographing the natural beauty around him. His work now hangs in many homes and important buildings in Ireland and across the world. John works with many community and youth organisations. His work is available to purchase from his stand at Kennedy Centre, Belfast. **Contact: jmallon16@yahoo.com**

Thosaigh 'Beauty on our Doorstep' i ndiaidh ama an-dorcha agus phianmhair i saol John nuair a d'fhulaing sé ó dhrochshláinte meabhrach agus nuair a bhí sé ar tí lámh a chur ina bhás féin. "My only regret about asking for help is that I didn't do it sooner." D'athraigh saol John ón uair sin nuair a thosaigh sé ag glacadh grianghrafanna den áilleacht nádúrtha a bhí thart timpeall air. Tá a shaothair á gcrochadh ar bhallai i gcuid mhór tithe agus foirgneamh tábhachtach in Éirinn agus ar fud an domhain. Oibríonn John le cuid mhór eagraíochtaí pobail agus óige. Tá a shaothair ar fáil le ceannach óna sheastán in Ionad Uí Chinnéide, Béal Feirste.
**Cuir ríomhphost chuig: jmallon16@yahoo.com**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE



### KATHERINE SUTHERLAND | FIELDS OF LIGHT

Kathy is an award-winning Highland artist, influenced by the Scottish Colourists and the Impressionists. From the drama of the surrounding countryside she receives endless visual inspiration which she interprets using bold brush strokes and an exciting colour pallet. Kathy's response to the landscape is both emotional and intellectual as she seeks to capture the 'Sense of Place' in her work.
**Contact: Info@katherinesutherland.co.uk**

Is ealaíontóir na nGarbhchríoch a bhfuil duaiseanna buaite aici Kathy, a raibh tionchar ag Dathadóirí na hAlban agus ag na hImpriseanaithe uirthi. Faigheann sí spreagadh físiúil gan deireadh ó dhrámaíocht na tuaithe máguaird, a léiríonn sí sna stríocthaí scuaibe a dhéanann sí agus sa phailéad dathanna iontach a úsáideann sí. Tá a freagra ar an tírdhreach idir mhothúchánach agus intleachtúil agus í ag iarraidh 'Brath Áite' a léiriú ina cuid saothair. **Cuir ríomhphost chuig: Info@katherinesutherland.co.uk**

### KAY CULLEN | THOUGHTS OF DONEGAL



Kay is a retired teacher but she has been producing art all her adult life. Her work is completed in soft pastel to capture our land and sea scapes, particularly around Donegal. This exhibition will interest those who love Irish landscapes. **Contact: kcullenpainting@yahoo.ie**

Múinteoir atá ar scor is ea í Kay ach bhí sí ag déanamh ealaíne ar fud fad a saoil mar dhuine fásta. Baineann sí úsáid as pastail bhoga le tírdhreacha agus le muidhreacha timpeall Thír Chonaill ach go háirithe, a léiriú. Beidh suim ag na daoine sin ar breá leo tírdhreacha na hÉireann sa taispeántas seo. **Cuir ríomhphost chuig: kcullenpainting@yahoo.ie**



### KEIKE TWISSELMANN | GENERATION TO GENERATION - Ó GHLÚIN GO GLÚINA

This unique exhibition showcases a selection of original paintings by four artists from successive generations of one extended family. Karl Otto Schumm's work from the 1920s/30s survived the Dresden bombings in World War Two. Schubert studied at Hamburg in the 1950s. Callaghan and Twisselmann's work from Belfast and Berlin is more contemporary. Each artist responds to their own environment in a personal and diverse way. **Contact: Keiketw@gmail.com**

Léireoidh an taispeántas uathúil seo rogha bunphictiúr a bhí déanta ag ceithre ealaíontóir ó ghlúnta i ndiaidh a chéile de theaghlach sínte amháin. Mhair saothar Karl Otto Schumm ó na 1920í/30í na buamaí a rinneadh ar Dresden sa Dara Cogadh Domhanda. Rinne Schubert staidéar in Hamburg sna 1950í. Tá saothar Callaghan agus Twisselmann ó Bhéal Feirste agus ó Bheirlín níos comhaimseartha. Freagraíonn gach ealaíontóir ar a mbealach pearsanta agus éagsúil féin. **Cuir ríomhphost chuig: Keiketw@gmail.com**

ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE

## KEVIN BRENNAN | THOUGHTS IN MY HEAD



Kevin Brennan is an aspiring amateur painter, originally from the St James' area of West Belfast. He is a retired father and grandfather who has an interest in nature and creativity. Kevin enjoys painting landscapes, abstracts and characters. He particularly enjoys painting alongside his granddaughters inspiring them to be creative. **Contact: kevinbrennan56@hotmail.co.uk**

Is péintéir amaitéarach uaillmhianach é Kevin Brennan. Is as ceantar Shan Séamas in Iarthar Bhéal Feirste ó dhúchas dó. Is athair agus seanathair é atá ar scor a bhfuil suim aige sa dúlra agus i gcruthaitheacht. Baineann sé sult as tírdhreacha, as ábhair theibí agus as carachtair a phéinteáil. Baineann sé an-sult as bheith ag péinteáil le taobh a gharinÍonacha agus bíonn sé á spreagadh le bheith cruthaitheach.**Cuir ríomhphost chuig: kevinbrennan56@hotmail.co.uk**



## LAUREN MARTIN

Lauren Martin is a mixed media artist from Belfast. She explores the impact of ill health through her art. As a community arts facilitator, she works with individuals with disabilities. Despite experiencing illness herself recently, she found hope in creating art. Her work aims to raise awareness about neurological conditions and mental illness. **Contact: laurenmartincreative@gmail.com**

Is as Béal Feirste an t-ealaíontóir ilmheán, Lauren Martin. Iniúchann sí tionchar na drochshláinte ina cuid ealaíne. Mar éascaitheoir ealaíona an phobail, oibríonn sí le daoine indibhidiúla a bhfuil míchumas acu. Cé go raibh drochshláinte uirthi féin le déanaí, tugadh uchtach di san ealaín a chruthaigh sí. Is í aidhm a cuid saothair daoine a chur ar an eolas faoi fhadhbanna néareolaíocha agus faoi thinnis mheabhrach. **Cuir ríomhphost chuig: laurenmartincreative@gmail.com**

## LGBTQIA+ HERITAGE PROJECT | IN THEIR OWN WORDS

In Their Own Words' is an audio-photographic exhibition which uses sound clips from audio archives to capture the oral history of activists and prominent members of the LGBTQIA+ community.  Each individual's testimony can be accessed via a QR code that will take you to a YouTube clip. This exhibition celebrates and raises awareness of issues within our LGBTQIA+ community. **Contact: joe@hereni.org**

LGBTQIA+ HERITAGE PROJECT

Is taispeántas closghrianghrafadóireachta 'In Their Own Words' a bhaineann úsáid as gearrthóga fuaime ó chloschartlanna le stair béil ghníomhaithe agus agus phríomhbhaill an phobail LADTAIÉ+ a fháil agus a léiriú. Is féidir leat teacht ar fhianaise gach duine ó chód QR a bheidh do do theorú go gearrthóg YouTube. Ceiliúrfaidh agus cuirfidh an taispeántas seo daoine ar an eolas faoi na ceisteanna atá inár pobal LADTAIÉ+. **Cuir ríomhphost chuig: joe@hereni.org**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE

# LINZI CONWAY | PAINT STITCH STORIES



Linzi finds inspiration in the stunning coastal landscapes of Ireland. Her textile artwork captures the connection between people and the sea, whether through reflection, activities, or simple enjoyment. Each piece expresses the harmony between nature and human life, with a unique twist that reflects Linzi's personal journey as an artist. **Contact: linziconwayart@gmail.com**

Faigheann Linzi a spreagadh ó thírdhreacha cósta fíoráille na hÉireann. Sa saothar ealaíne teicstíle s'aicisean, léireoidh sí an nasc idir daoine agus an fharraige, bíodh sé sin trí mhachnamh, trí ghníomhaíochtaí nó trí shult simplí. Léireoidh gach píosa an dúlra agus saol an duine ag teacht lena chéile, le cor uathúil ann a léireoidh turas pearsanta Linzi mar ealaíontóir.
**Cuir ríomhphost chuig: linziconwayart@gmail.com**



# LISE MCGREEVY | FEMALES ARE GEMS

This is the latest phase in McGreevy's hugely successful female equality programme 'I AM WOMAN'. This is an exhibition of portraits representing women across creed, colour, religion, sexual orientation and sectarianism. Each subject portrait is called after one of nature's gemstones, in a nod to our natural environment, reinforcing the fact that all females are precious, just like the stones.
**Contact: Lisemcgreevyphotographic@gmail.com**

Seo an chéim is déanaí de chlár comhionannais bhaininn an-rathúil McGreevy, 'I AM WOMAN'. Is taispeántas é seo de phortráidí a léireoidh mná de gach creideamh, dath, reiligiún, claonadh gnéis agus a léireoidh seicteachas. Tugtar geamchloch nádúrtha ar gach ceann de na portráidí mar chomhartha aitheantais dár dtimpeallacht nádúrtha. Neartaíonn sé seo an fhíric go bhfuil gach bean muirneach agus luachmhar, cosúil leis na geamchlocha.
**Cuir ríomhphost chuig: Lisemcgreevyphotographic@gmail.com**

# LUCY TURNER | SOME OF MY LIES ARE TRUE



Lucy is a printmaker who works with experimental processes that push the boundaries of traditional printmaking. She is currently artist-in-residence at Maghaberry prison where she teaches ceramics. Her practice bridges fine art and socially engaged work, with a focus on sustainability, and material experimentation.
**Contact: lucyturner789@gmail.com**

Is déantóir priontaí Lucy a oibríonn ar phróisis trialacha a sháraíonn na teorainneacha de phriontaí a dhéanamh. Is ealaíontóir cónaithe i bpríosún Mhaigh gCabraí í faoi láthair mar a múineann sí criadóireacht. Déanann sí mínealaín agus obair shóisialta-ghafa, agus fócas aici ar inbhuanaitheacht, agus ar úsáid thrialach a bhaint as ábhair. **Cuir ríomhphost chuig: lucyturner789@gmail.com**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE

### MAIRHI LYTTLE | LOOK TO THE WEST




Mairhi Lyttle is a fine artist who grew up in Derry during the 70s and 80s. The West Coast of Ireland is her refuge and most of her inspiration is taken from the wild and beautiful Donegal coastline. Recently her focus has been drawn towards the conflict in the Middle East. **Contact: mairhi69@yahoo.co.uk**

Is mínealaíontóir Mairhi Lyttle a d'fhás aníos i nDoire le linn na 70í agus na 80í. Is é Cósta Thiar na hÉireann a tearmann agus faigheann sí an chuid is mó dá spreagadh ó imeallbhord fiáin agus álainn Thír Chonaill. Bhí a fócas dírithe ar an choimhlint sa Mheánoirthear le déanaí. **Cuir ríomhphost chuig: mairhi69@yahoo.co.uk**




### MAL MCCANN | THIS IS NOT A WAR

This is a photo series by Irish News photographer Mal McCann, documenting the protests that have swept Belfast in response to the ongoing genocide in Gaza. McCann captures the grief, rage, and solidarity of communities thousands of miles from the conflict yet deeply connected to it. "These are not just photos of protest, they are documents of people refusing to look away."— Mal McCann. **Contact: malmccann@gmail.com**

Is sraith ghrianghrafanna ó ghrianghrafadóir The Irish News, Mal McCann í, a léireoidh na hagóidí i mBéal Feirste a tharla mar fhreagairt don chinedhíothú atá ag dul ar aghaidh i nGaza. Léireoidh McCann brón, fearg agus dlúthpháirtíocht na bpobal atá na mílte míle ar shiúl ón choimhlint ach pobail a bhfuil ceangal domhain acu léi fós. "These are not just photos of protest, they are documents of people refusing to look away."— Mal McCann. **Cuir ríomhphost chuig: malmccann@gmail.com**

### MARGARET O'HARA | ECHOES OF ÉIRE



Born and rooted in Belfast, Mags paints with the soul of the North in her brush, where the wild edge of Ireland meets the restless sky. Her work is a conversation between memory and place, each canvas echoing suspended moments between weather and wonder. Influenced by the landscape around her, Mags creates paintings that feel timeless and deeply personal.
**Contact: Magsohara3@gmail.com**

Rugadh agus tógadh Mags i mBéal Feirste, an áit a bhfuil sí lonnaithe faoi láthair. Péinteálann sí pictiúir faoi áiteanna sa Tuaisceart mar a mbuaileann imeall fiáin na hÉireann leis an spéir mhíshocair. Pléann a saothar le cuimhní agus le háiteanna. Léiríonn gach pictiúr tráthanna ar fionraí idir an aimsir agus iontais áiteanna. Tá tionchar ag an tírdhreach máguaird uirthi. Péinteálann Mags pictiúir shíoráille agus atá an-phearsanta di ón chroí. **Cuir ríomhphost chuig: Magsohara3@gmail.com**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE



## MARIA LIDDY

Belfast based artist Maria is an abstract landscape painter. Her work is characterised by a love for nature and her memories of the surrounding landscape. She employs a rich vibrant palette when depicting natural elements - trees, water, sky and earth. She dances between the figurative and the abstract leaving her paintings loose and open to interpretation. **Contact: hello@marialiddy.com**

Tá Maria lonnaithe i mBéal Feirste agus is péintéir tírdhreacha theibí í. Léiríonn a saothar a grá don dúlra agus na cuimhní atá aici ar an tírdhreach a bhí máguaird. Baineann sí úsáid as pailéad beoga saibhir agus í ag péinteáil dúile nádúrtha – crainn, uisce, an spéir agus an domhan. Péinteálann sí idir pictiúir fhíoracha agus theibí, mar sin, bíonn siad scaoilte agus is féidir le gach amharcóir a gciall féin a bhaint astu. **Cuir ríomhphost chuig: hello@marialiddy.com**

## MARY COSGROVE | TRYPTIC

In this exhibition Mary presents a tryptic of paintings documenting her return to Belfast from Zambia in 1971. The narrative starts with remembered feelings and develops into portraiture, combining memory, emotion, reality, time and place. Mary is a member of Queen Street Studios and has exhibited in their annual show since 2019. **Contact: cosgrovemary@icloud.com**

Sa taispeántas seo cuirfidh Mary tryptich pictiúr ar taispeáint a léireoidh cúrsaí agus í ag filleadh ar ais go Béal Feirste ón tSaimbia in 1971. Léireoidh sé cuimhní ar mhothúcháin ar dtús agus ansin portráidíocht. Léireoidh sé cuimhní, mothúcháin, an saol mar a bhí, am agus áit le chéile. Is ball de Queen Street Studios Mary agus bhí a saothar ar taispeáint ina seó gach bliain ó 2019.
**Cuir ríomhphost chuig: cosgrovemary@icloud.com**





## MARY KATE QUINN | WILD HAWTHORN ART

Wild Hawthorn Art captures the spirit of traditional country pursuits through portraits of working dogs, a mischievous ferret, and symbolic Celtic designs. Rooted in heritage, nature, and storytelling, this work brings animals and ancient motifs to life with warmth and character. **Contact: marykate.quinn@icloud.com**

Léireoidh Wild Hawthorn Art meon chaitheamh amsire tuaithe traidisiúnta trí phortráidí de mhadaí oibre, d'fhíread diabhalta, agus de dhearaí Ceilteacha siombalacha. Pléann siad oidhreacht, an dulra agus scéalaíocht go daingean. Cuireann an saothar seo beocht in ainmhithe, agus i móitífeanna ársa le croíúlacht agus le spiorad. **Cuir ríomhphost chuig: marykate.quinn@icloud.com**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE



# MAYSAA ZAGOUT GHAZI & HEBA ZAGOUT | HOPE

Maysaa Ghazi Zagout was born and raised in Gaza and graduated as an art teacher from Al-Aqsa University in 2000. She fled Gaza with her family in April 2024 and they are now refugees in Oman. Maysaa's artwork reflects the quiet defiance of life under siege, transforming trauma into expressions of identity, memory, and hope. Her sister, the renowned artist Heba Zagout, who was killed in Gaza in October 2023, also has work shown here. **Contact: debbiemidgley@hotmail.co.uk**

Rugadh agus tógadh Maysaa Ghazi Zagout i nGaza agus bhain sí céim amach mar mhúinteoir ealaíne ó Ollscoil Al-Aqsa in 2000. Theith sí as Gaza lena teaghlach in Aibreán 2024 agus is teifigh in Óman iad anois. Léiríonn saothar ealaíne Maysaa dúshlán an tsaoil faoi léigear a thabhairt. Athraíonn sí tráma go léirithe féiniúlachta, cuimhne, agus dóchais. Maraíodh a deirfiúr, an t-ealaíontóir clúiteach, Heba Zagout, i nGaza i mí Dheireadh Fómhair 2023. **Cuir ríomhphost chuig: debbiemidgley@hotmail.co.uk**

# MICHAEL FERRIN | SELECTION OF WORKS



Michael is a full-time healthcare worker with a passion for painting.He has been producing large scale portraiture for the past twenty years. Michael is inspired by nature and media which forms the basis of much of his work.
**Contact: michaelferrin6@gmail.com**

Is oibrí chúram sláinte lánaimseartha Michael a bhfuil paisean na péintéireachta aige. Bhí sé ag déanamh portráidí mórscála le fiche bliain anuas. Tá an dúlra agus na meáin mar spreagadh do Michael. Tá siad mar bhunúis de mhórán a chuid saothair. **Cuir ríomhphost chuig: michaelferrin6@gmail.com**



# MÍCHEÁL GALLAGHER-SEDROWSKI | NEW IRISH LANDSCAPES

Belfast / Letterkenny artist, Mícheál, returns to Féile an Phobail with a vibrant new collection of Irish landscapes. These stunning colourful pieces are painted in oils on large canvases. Mícheál explores our streets, our fields and our sense of place with this new and inspiring selection of artwork. **Contact: gallagart@gmail.com**

Beidh an t-ealaíontóir arb as Béal Feirste / Leitir Ceanainn dó, ar ais in Féile an Phobail le bailiúchán nua beoga pictiúr de thírdhreacha na hÉireann. Bhí na píosaí ildaite iontacha seo péinteáilte le holaí ar chanbháis mhóra. Iniúchfaidh Mícheál ár sráideanna, ár bpáirceanna agus ár n-ómós áite leis an rogha seo de shaothar ealaíne nua agus spreagúil. **Cuir ríomhphost chuig: gallagart@gmail.com**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE

# MICHELLE DUFFY | THE PALETTE OF DREAMS - COLOURFUL VISIONS OF OUR LANDSCAPE



Michelle runs the successful Camlake Canvas gallery in Garrison by the famous Lough Melvin. She is inspired by the stunning sunsets in the West. Her location gives her daily access to the Fermanagh Lakelands, Sligo and the Donegal border, offering her a huge choice of amazing landscapes to inspire her Art and photography.
**Contact: camlakecanvas@gmail.com**

Reáchtálann Michelle an dánlann rathúil Camlake Canvas ar an Gharastún cois Loch Meilbhe clúiteach. Bíonn luíthe na gréine iontach san Iarthar á spreagadh. Mar gheall ar an áit ina gcónaíonn sí bíonn rochtain aici ar Fhearann na Lochanna i bhFear Manach, ar Shligeach agus ar theorainn Thír Chonaill. Bíonn an rogha mhór tírdhreach iontu sin mar spreagadh di a cuid ealaíne agus grianghrafadóireachta a dhéanamh. **Cuir ríomhphost chuig: camlakecanvas@gmail.com**



# MÓRAG MCCAFFERTY | INTO THE WEST

Donegal based Mórag is a self-taught Scottish painter who rediscovered her art practice in recent years. Inspired by her beautiful Gaeltacht surroundings, she loves to recreate local scenes and capture events that have inspired her. Her passion lies in gut feeling and an overwhelming sense of exploring an idea or image and seeing where the journey leads. **Contact: Morag.monk@hotmail.com**

Tá Morag lonnaithe i dTír Chonaill agus is péintéir Albanach féinmhúnte í a thosaigh ag déanamh ealaíne arís le blianta déanacha anuas. Bíonn an Ghaeltacht álainn thart timpeall uirthi á spreagadh agus is breá léi radharcanna áitiúla agus na himeachtaí a bhí á spreagadh a phéinteáil agus a léiriú. Tagann a paisean ón chroí agus ó an-iniúchadh a dhéanamh ar smaoineamh nó ar íomhá agus ansin le fáil amach faoi na pictiúir a bheidh déanta aici sa deireadh mar gheall orthu sin.
**Cuir ríomhphost chuig: Morag.monk@hotmail.com**

# NIAMH FERGUSON | THE MORRÍGAN



Printmaker Niamh is inspired by Celtic mythology, heritage, and storytelling. Using techniques like copper etching and relief printing, she explores themes of identity and folklore. Her work, exhibited at the Royal Ulster Academy of Arts, reinterprets cultural narratives, blending tradition with contemporary meaning through intricate, symbolic imagery. **Contact: niamhferguson97@yahoo.com**

Bíonn an mhiotaseolaíocht Cheilteach, stair agus scéalaíocht mar spreagadh do Niamh ar déantóir priontaí í. Baineann sí úsáid as teicnící amhail eitseáil chopair agus priontáil rilíf chun iniúchadh a dhéanamh ar théamaí na féiniúlachta agus an bhéaloidis. Déanann a cuid saothair, atá ar taispeáint in Acadamh Ríoga Uladh na nEalaíon léiriú eile ar na scéalta cultúrtha. Meascann siad traidisiúin le ciallta comhaimseartha trí íomhánna casta siombalacha.
**Cuir ríomhphost chuig: niamhferguson97@yahoo.com**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE



### PATRICIA TAYLOR | LIBERATION, GROWTH AND HOPE

Patricia was born and raised in Belfast. After a very long break, she found a new love of photographing nature, fusing it with technology. She expresses nature, both organic and human, in all its complexities and beauty . Also within this exhibition are a series of drawings of imagined flowers rarely viewed publicly. **Contact: patay123456@gmail.com**

Rugadh agus tógadh Patricia i mBéal Feirste. I ndiaidh sosa an-fhada, Chuir sí spéis nua sa ghrianghrafadóireacht, a tharraing sí le chéile leis an teicneolaíocht. Léiríonn sí coimpléascacht agus áilleacht iomlán an dúlra, idir orgánach agus dhaonna. Sa taispeántas seo beidh sraith líníochtaí de bhláthanna samhalta a fheictear go hannamh ann chomh maith.
**Cuir ríomhphost chuig: patay123456@gmail.com**

### PETER GEOGHEGAN | ACROSS THE LANDSCAPE



Peter Geoghegan is a Belfast-based artist working mainly with acrylic and mixed media. He taught art at post-primary level and since retiring from the NICS he has returned to making art. **Contact: p.geog@ntlworld.com**

Is ealaíontóir Peter Geoghegan atá lonnaithe i mBéal Feirste. Baineann sé úsáid as aicriligh agus meáin mheasctha go príomha ina chuid ealaíne. Theagaisc sé ealaín ar leibhéal iarbhunscoile agus ó chuaigh sé ar scor ón NICS thosaigh sé ag déanamh ealaíne arís. **Cuir ríomhphost chuig: p.geog@ntlworld.com**

## PAT FINUCANE CENTRE | IONAD PAT FINUCANE




### BRITISH LEGAL IMPUNITY: THE STORIES OF WOMEN, MEN AND CHILDREN KILLED BY THE BRITISH ARMY AND RUC

This exhibit features a series of moving and poignant interviews with three generations of relatives of Irish men, women and children killed by British State forces during the conflict. Powerful contributions from parents, children, siblings, spouses and grandchildren highlight the lasting impact of the trauma caused by losing a loved one to state violence. **Contact: des@patfinucanecentre.org**

Beidh sraith agallamh tochtmhar le trí ghlúin de ghaolta fear, ban agus páistí Éireannacha a dhúnmharaigh fórsaí stáit na Breataine le linn na coimhlinte sa taispeántas seo. Cuirfidh na hagallaimh chumhachtacha seo ó thuismitheoirí, pháistí, shiblíní, chéilí agus gharpháistí béim ar éifeacht bhuan an tráma a d'fhulaing siad nuair a mharaigh foréigean ón stát a ndaoine muinteartha.
**Cuir ríomhphost chuig: des@patfinucanecentre.org**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE




### LEGACY OF COLONIALISM

Troops that arrived in Derry and Belfast in 1969 were often fresh from other brutal conflicts. It is not surprising that units such as the Parachute Regiment would commit massacres such as Bloody Sunday, Ballymurphy, and Springhill or use waterboarding on detainees, given their record in other conflicts. The first and second battalion of the Paras served in Aden. Senior officers in Cyprus or Aden such as Brigadier Frank Kitson implemented low intensity war tactics here. Every General Officer Commanding the British Army in the North in the 1970s had seen military service in the 'colonies'. **Contact: des@patfinucanecentre.org**

Ba mhinic a tháinig na trúpaí, a tháinig go Doire agus go Béal Feirste in 1969, go díreach ó choimhlintí brúidiúla eile. Ní mór an t iontas go ndéanfadh aonaid amhail an Reisimint Pharaisiút áir amhail Domhnach na Fola, Baile Uí Mhurchú agus Cnoc Chluanaí nó go mbainfeadh siad úsáid as céasadh le clár uisce ar dhaoine a bhí á gcoinneáil acu, dá gcuirfí na huafáis a rinne siad i gcoimhlintí eile san áireamh. Rinne an chéad agus an dara cathlán den Reisimint sin seirbhís in Aden. Chuir oifigigh shinsearacha sa Chipir nó in Aden, amhail an Briogáidire Frank Kitson taicticí cogaidh ar dhéine íseal i bhfeidhm anseo. Rinne gach Ard-Oifigeach a bhí gceannas Arm na Breataine sa Tuaisceart sna 1970í seirbhís mhíleata 'sna coilíneachtaí' **Cuir ríomhphost chuig: des@patfinucanecentre.org**

### 'IN THEIR FOOTSTEPS'




An innovative and moving physical representation of the tragic loss of life during the conflict. Families provide a pair of shoes to symbolise their dead or injured loved one, along with a note and/ or photograph. This campaign aims to put pressure on the British and Irish Governments to find an effective mechanism to deal with the past. The shoes will be displayed in prominent areas allowing members of the public to closely interact and better understand the impact of loss on the families behind the stories. **Contact des@patfinucanecentre.org**

Mar léiriú fisiceach nuálach agus coscrach de na básanna tragóideacha i rith na coimhlinte thug teaghlaigh péire bróg mar shiombail dá nduine muineartha a maraíodh nó a gortaíodh, chomh maith le nóta agus/nó paragraf. Is í aidhm an fheachtais seo ná brú a chur ar Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann meicníochtaí éifeachtacha a aimsiú le déileáil leis an am atá caite. Cuirfear na bróga ar taispeáint in áiteanna feiceálacha chun ligean do bhaill den ghnáthphobal amharc orthu agus tuiscint níos fearr a bheith acu ar éifeacht na mbásanna ar na teaghlaigh taobh thiar de na scéalta. **Cuir ríomhphost chuig des@patfinucanecentre.org**

### PHILIP MURPHY | MAD SWEENEY AND ST RONAN



Philip works in metal and mixed media sculpture. The themes of his work are varied, but always challenging. He works from his studio is in Dublin and has exhibited extensively, in Ireland and abroad. **Contact: philmiseryhill@gmail.com**

Oibríonn Philip le miotal agus sa dealbhóireacht mheán measctha. Bíonn téamaí a chuid oibre éagsúil, ach dúshlánach i gcónaí. Oibríonn sé óna stiúideo i mBaile Átha Cliath agus bhí a shaothair curtha ar taispeáint go forleathan, in Éirinn agus thar sáile. **Cuir ríomhphost chuig: philmiseryhill@gmail.com**

## ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE | COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE



# REGINA MCSORLEY | MOMENTS OF LIGHT

Regina is an artist living in Draperstown, Co. Derry. A keen nature lover, she loves to capture scenes that surround her in oils and sometimes soft pastels.
**Contact: reginamcsorley66@gmail.com**

Is ealaíontóir Regina a chónaíonn i mBaile na Croise, Co. Dhoire. Tá an-spéis aici sa dúlra agus is breá léi radharcanna atá timpeall uirthi a phéinteáil ag úsáid olaí agus pastal bog in amanna. **Cuir ríomhphost chuig: reginamcsorley66@gmail.com**

# RFJ ARTISTS | EXPRESSIONS IN ART



Relatives for Justice painting class are proud to exhibit their artwork as part of this year's Féile. Over the past year, they've explored creativity as a tool for expression, healing, and connection. This exhibition celebrates their journey, talent, and the power of art to bring people together through shared experience.
**Contact: marykate.quinn@icloud.com**

Tá bród ar rang péintéireachta Ghaolta um Cheartas a gcuid saothar ealaíne a chur ar taispeáint mar chuid de Féile na bliana seo. Le bliain anuas d'iniúch siad cruthaitheacht mar uirlis le léiriú, le leigheasú agus le naisc a dhéanamh. Beidh an taispeántas seo ag ceiliúradh a dturas, a dtallann, agus cumhacht na healaíne daoine a thabhairt le chéile agus comheispéiris a roinnt lena chéile.
**Cuir ríomhphost chuig: marykate.quinn@icloud.com**



# RICHARD KELLY | TIERNAN

Tiernan, the Beast and Lord of all things wild, was sculpted from fiberglass in Richard's workshop in South Armagh. Inspired by Irish mythology, Tiernan is a half-man, half-stag creature, resembling the mythical Cernunnos, the Horned One. Cernunnos is a powerful Celtic deity associated with stags, dogs, bulls, and horned serpents. At 12 foot high, Tiernan really is a giant of Celtic mythology.
**Contact: richardcreatesart@gmail.com**

